Muintearas CTR
Tír an Fhia, Leitir Móir
Co. na Gaillimhe
Fón: +353 91-379141
eolas@muintearas.com
www.muintearas.com

Teideal: Oibrí Óige Páirt-Aimseartha

Tá post páirt-aimseartha mar Oibrí Óige i gclub óige **Shailearna** á thairiscint ag Muintearas i gcomhair le Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga.

Scileanna, taithí agus cáilíochtaí:

- Taithí ag obair le daoine óga
- Gaeilge líofa – labhartha agus scríofa
- Scileanna láidir eagrúcháin agus bainistiú ama
- Sárscileanna cumarsáide agus idirphearsanta
- A bheith ábalta feidhmiú go muiníneach agus go héifeachtach as do stuaim féin agus mar pháirt d'fhoireann

Uaireanta Oibre: 6 uair a chloig sa tseachtain. Is gá go mbeadh tú solúbtha mar gheall ar an saghas obair atá I gceist. Beidh uaireanta neamh-shóisialta le n-oibriú: tráthnóna, deireadh seachtaine srl. Bíonn an club ar siúl trathnóna Dé Céadaoin agus beidh uaireanta pleanáil i gceist i rith na seachtaine chomh maith.

Cúraimí an Phost:

Beidh an té a cheapfar freagrach as:

- Comhoibriú leis an gcoiste
- Imeachtaí/ceardlann/turais a phleanáil
- Bheith i láthair gach Céadaoin ag an gclub chomh maith le ag aon imeachtaí atá dhá reachtáil
- Cinntiú go bhfuil paipéarachas an chlub suas chun dáta
- Teagmháil a choinneáil le Oifigeach Forbartha Mhuintearais

A bheith tiomanta do Fhís, Misean agus Straitéis Mhuintearas a chuir i bhfeidhm. Aon dualgas bailí eile a iarrfaidh do bhainisteoir líne ort a chomhlíonadh. Solúbthacht agus oibriú mar bhall foirne ag tacú le chéile do thograí ar leith.

Seol litir iarratais agus CV chomh maith le cóip de chuid cailíochtaí **roimh an 5:00in Dé Luain 30ú Samhain 2026** chuig oige@muintearas.com

Beidh gá dul thríd an próiseas grinnfhiosrúcháin sula dtosóidh an post.

Má tá tuilleadh eolais uait, cuir glaoch ar 091 379141 nó seol ríomhphoist chuig oige@muintearas.com

Is fostóir deiseanna comhionannais é Muintearas.